



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2022
(OR. en)

10023/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0177(NLE)

PECHE 204

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Meitheamh 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 263 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear do Phoblacht na Polainne an leasú ar an gCoinbhinsiún maidir le Caomhnú agus Bainistiú Acmhainní Póilíneachta i Muir Bheiring Láir a dhaingniú, chun leas an Aontais Eorpaigh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 263 final.

Faoi iamh: COM(2022) 263 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.6.2022
COM(2022) 263 final

2022/0177 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaráítear do Phoblacht na Polainne an leasú ar an gCoinbhinsiún maidir le
Caomhnú agus Bainistiú Acmhainní Póilíneachta i Muir Bheiring Láir a dhaingniú,
chun leas an Aontais Eorpaigh**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Shínigh an Pholainn, an tSín, an tSeapáin, Poblacht na Cóiré, an Rúis agus na Stáit Aontaithe an Coinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir ('CCBSP' nó 'an Coinbhinsiún') in 1994. Tá na haidhmeanna seo a leanas ag an gCoinbhinsiún: (i) córas idirnáisiúnta a bhunú chun acmhainní mangach a chaomhnú, a bhainistiú agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint astu i Limistéar an Choinbhinsiúin; (ii) acmhainní mangach i Muir Bheiring a athbhunú agus a chothabháil ar leibhéal lena gcothófar a n-uastáirgeacht inchothaithe; (iii) oibriú i gcomhar chun faisnéis fhíorasach maidir leis an mangach agus le hacmhainní eile muirí atá beo i Muir Bheiring a bhailiú agus chun scrúdú a dhéanamh uirthi; agus (iv) fóram a sholáthar, má chomhaontaíonn na Páirtithe, inar féidir bunú na mbeart caomhnaithe agus bainistíochta is gá chun measúnú a dhéanamh ar bheo-acmhainní muirí seachas an mangach i Limistéar an Choinbhinsiúin de réir mar a bheidh gá leis sin amach anseo.

Tá an iascaireacht tráchtála i Limistéar an Choinbhinsiúin, a bhain a buaicphointe amach in 1989 le gabhálacha suas le 1 447 600 tona in aghaidh na bliana, dúnta ó 1993 trí bhíthin moratóra. Tacaítear leis an moratóir leantach le fianaise eolaíoch, ina léiríodh go comhsheasmhach go mbaineann téarnamh fíormhall le stoic mangach. Mar sin féin, leantar den iascach tráchtála sna Stáit Aontaithe agus i limistéir eacnamaíocha eisiacha na Rúise.

Rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh sa Choinbhinsiún

Tá an Pholainn ina páirtí conarthach san eagraíocht sin ó 1994 i leith. Tar éis don Pholainn dul isteach san Aontas in 2004, socraíodh go mbainistíodh an tAontas caomhnú agus bainistíocht acmhainní mangach i Muir Bheiring Láir de bhua Airteagal 6(9), mír 1 den Ionstraim Aontachais. Mar sin féin, ní bheartaítear i dtéacs an Choinbhinsiúin ach ballraíocht Stát faoi láthair. Dá bhrí sin, ba ghá é a leasú ionas go bhféadfadh an tAontas a bheith ina pháirtí conarthach mar eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta. Le Cinneadh ón gComhairle, údaraíodh do Phoblacht na Polainne leasú ar an gCoinbhinsiún a chaibdiú, chun leas an Aontais Eorpaigh, lena gceadófaí don Aontas Eorpach a bheith rannpháirteach mar pháirtí iomlán sa Choinbhinsiún. Chuige sin, mhol Poblacht na Polainne leasú ar an gCoinbhinsiún chun rannpháirtíocht eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíochta a cheadú agus chun go bhféadfadh an tAontas Eorpach a bheith ina pháirtí sa Choinbhinsiún. Mhol Poblacht na Polainne an leasú ar an gCoinbhinsiún do Thaiscí an Choinbhinsiúin i mí Dheireadh Fómhair 2016. Chuir an Taiscí an leasú chuig na Páirtithe Conarthacha in 2017.

Impleachtaí bhallraíocht an Aontais

Tá impleachtaí teoranta ag baint le ballraíocht an Aontais sa Choinbhinsiún ós rud é nach n-éilítear aon ranníocaíocht bhuiséadach le ballraíocht (níl Rúnaíocht ag an eagraíocht), agus táthar ag súil go leanfaidh an moratóir ar aghaidh sa ghearrthéarma. Mar sin féin, i gcás ina n-athosclófaí an limistéar don iascaireacht, is é an ról a bheadh ag an Aontas prionsabail agus caighdeáin an Chomhbheartais Iascaigh a chur chun cinn san eagraíocht idirnáisiúnta seo, go háirithe bearta bainistíochta a ghlacadh bunaithe ar an eolaíocht is fearr.

Is as an bhfreagracht atá ar an Aontas chun caomhnú agus bainistíocht beo-acmhainní muirí a áirithiú laistigh agus lasmuigh den Aontas a eascraíonn leas an Aontais sa Choinbhinsiún go príomha.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is éard atá in Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna): eagraíochtaí idirnáisiúnta tíortha, ar stáit chósta cuid acu; eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíochta amhail an tAontas Eorpach; agus comhlachtaí iascaireachta a bhfuil leasanna iascaireachta acu i limistéar ar leith. Bainistíonn roinnt ERBInna na stoic éisc uile a fhaightear laistigh de limistéar sonrach, ach díríonn roinnt eile acu ar speicis mhórimirceacha ar leith, go háirithe an tuinnín, ar fud limistéar tíreolaíoch fairsing. Cé gur ról comhairleach agus sin uile atá ag roinnt de na heagraíochtaí sin, tá cumhachtaí bainistíochta ag a bhformhór acu chun teorainneacha gabhála agus teorainneacha le hiarrachtaí iascaireachta, bearta teicniúla agus oibleagáidí rialaithe a shocrú.

I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún ‘Rannpháirtíocht in Eagraíochtaí Iascaigh Réigiúnacha (ERInna)’¹, le hAirteagail 28 agus 29 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh² agus leis na conclúidí ón gComhairle an 19 Márta 2012 i ndáil leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an ‘ngné sheachtrach den Chomhbheartas Iascaigh’³, tá ról gníomhach ag an Aontas Eorpach, a bhfuil an Coimisiún ina ionadaí dó, i 6 eagraíocht tuinníní agus i 11 eagraíocht neamhthuinníní.

Leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún maidir le ‘International ocean governance: an agenda for the future of oceans’⁴ [Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan] agus leis na conclúidí ón gComhairle an 3 Aibreán 2017 maidir leis sin, cuirtear chun cinn bearta chun tacú le héifeachtacht ERBInna agus feabhas a chur uirthi agus, i gcás inarb ábhartha, feabhas a chur ar a rialachas. Is cuid lárnach é sin de ghníomhaíocht an Aontais sna fóraim sin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá ballraíocht an Aontais sa Choinbhinsiún go hiomlán comhsheasmhach leis na Conclúidí ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020 a mhéid a bhaineann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais le haghaidh 2030’⁵.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

An togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, tá sé bunaithe ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní bhaineann le hábhar.

¹ COM(1999) 613 final an 8.12.1999.

² Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

³ COM(2011) 424 final an 13.7.2011.

⁴ JOIN(2016) 49 final an 10.11.2016.

⁵ COM(2020) 380 final an 20.5.2020.

- **Comhréireacht**

Ní bhaineann le hábhar.

- **An rogha ionstraime**

Le hAirteagal 218(6)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh teastaíonn togra ón gCoimisiún chun go nglacadh an Chomhairle an Cinneadh seo, le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Ceartha bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí buiséadacha ann.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ní bhaineann le hábhar.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaráítear do Phoblacht na Polainne an leasú ar an gCoinbhinsiún maidir le Caomhnú agus Bainistiú Acmhainní Póilíneachta i Muir Bheiring Láir a dhaingniú, chun leas an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa¹,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is Páirtí Conarthach é an tAontas Eorpach ('an tAontas') i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982², ar coinbhinsiún é lena gceanglaítear ar chomhaltaí uile an chomhphobail idirnáisiúnta oibriú i gcomhar le chéile i dtaca le hacmhainní bitheolaíocha na farraige a chaomhnú agus a bhainistiú.
- (2) Is Páirtí Conarthach é an tAontas freisin sa Chomhaontú maidir le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 a chur chun feidhme i ndáil le Caomhnú agus le bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mór-imirceach³.
- (3) Faoi Airteagal 3(1)(d) agus 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá inniúlacht eisiach ag an Aontas i réimse chaomhnú acmhainn bhitholaíoch na mara faoin gComhbheartas Iascaigh. Áirítear freisin leis na cumhachtaí a thugtar don Aontas ar an leibhéal inmheánach cumhacht an Aontais oibriú i gcomhar in eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear é sin a dhéanamh faoi chuimsiú eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh.
- (4) Is Páirtí Conarthach í Poblacht na Polainne sa Coinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir ('an Coinbhinsiún'). Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún. De bhua Airteagal 6(9) den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na

¹ IO C, lch.

² Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 maidir le tabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 agus Comhaontú an 28 Iúil 1994 maidir le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1).

³ Cinneadh 1998/414/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 1998 maidir le daingniú ag an gComhphobal Eorpach don Chomhaontú maidir le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le caomhnú agus le bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mór-imirceach (IO L 189, 3.7.1998, lch. 14).

Slóvaice agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe⁴, amhail ó dháta an aontachais, beidh comhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit nua le tríú tíortha le bainistiú ag an Aontas. Ba cheart aon chinneadh arna bhunú faoin gCoinbhinsiún sin a chur chun feidhme i ndlíchóras an Aontais.

- (5) Is chun leas an Aontais é ról éifeachtach a bheith aige i gcur chun feidhme an Choinbhinsiúin. Le gníomh den sórt sin, cuirfear comhsheasmhacht chur chuige an Aontais i leith an chaomhnaithe ar fud na n-aigéan chun cinn freisin agus neartófar tiomantas an Aontais i dtaca le caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh ar fud an domhain.
- (6) Le Cinneadh ón gComhairle⁵, údaráíodh do Phoblacht na Polainne leasú ar an gCoinbhinsiún a chaibidliú, chun leas an Aontais Eorpaigh, lena gceadófaí don Aontas Eorpach a bheith rannpháirteach mar pháirtí iomlán sa Choinbhinsiún. Chuige sin, bhí Poblacht na Polainne le leasú ar an gCoinbhinsiún a mholadh chun rannpháirtíocht eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíochta a cheadú agus chun go bhféadfadh an tAontas Eorpach a bheith ina pháirtí sa Choinbhinsiún.
- (7) Mhol Poblacht na Polainne an leasú a luaitear roimhe seo ar an gCoinbhinsiún do Thaiscí an Choinbhinsiúin i mí Dheireadh Fómhair 2016.
- (8) Ba cheart a údarú do Phoblacht na Polainne dá bhrí sin an leasú ar an gCoinbhinsiún a dhaingniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear leis seo do Phoblacht na Polainne, chun leas an Aontais Eorpaigh, an leasú ar Airteagal XVI.4 den Choinbhinsiún maidir le Caomhnú agus Bainistiú Acmhainní Póilíneachta i Muir Bheiring Láir a dhaingniú, rud a chuirfeadh ar a gcumas d'eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíochta a bheith ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún sin.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na Polainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

⁴ An Conradh idir Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Phoblacht Heilléanach, Poblacht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Éire, Poblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (Ballstáit an Aontais Eorpaigh) agus Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice maidir le hAontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach (IO L 236, 23.9.2003, lgh. 17-930).

⁵ Cinneadh ón gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 11 Aibreán 2016, Uimh. 7277/16 (Cinneadh nár foilsíodh).